# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/81

Galway County Council Archives

GP2/81

25, Upper Gardiner St.

Áṫ Cliaṫ.

15-6-1922.

A Ṫomáis, a cuisle,

Tá sé i n-am agam sgríoḃaḋ ċugat, aċ, leis an fírinne glan a ḋéanaṁ, ḃí mé cruaḋóġaċ go leor ó ṫáinig mé anios annseo. Tá lá saoire againn indiu, ar a son sin, agus is féidir le duine 'anál a ṫarraingt. Connaic mé do ṡeirḃísiúr faoi dó ó ṫáinig mé go Ḃláṫ Cliaṫ. Go leor Gaeḋeal annseo, a mic ó — Pádraig Ó Doṁnallain, Seán mac h-Enrig 7 Mac Uí Uigín as an Dún. Is aiṫ an sgéal é nuair atá muintir Uaċtar Árd 7 an Dúin 7 Leaṫ Ċoille ag múnaḋ i bpríoṁ-ċaṫair na h-Éireann. Is iongantaċ an fear gramadaiġe é an h-Uigíneaċ "ṫar éis sgaiṫín ḃig" 7 rudaí mar sin, a dtuigeann tú, aċ ṫug cuid againn cúpla ceistín aiṁréidṫeaċ dó a ċur ṫré na ċéile é. Aċ tá eolas maiṫ aige ar Gaeḋilg, bíoḋ fios agat.

Faraor naċ ḃfuil tú anios annseo: sílim go dtaiṫneóċaḋ sé ṫar barr leat. Níl orm-sa aċ tuairim coicṫigis eile ann.

Tá súil agam go ḃfuil tú ar feabhas an domain ó sin,

le mór-ṁeas ort Mise Tomás Ó Raġallaig